Neamhní Scríofa ag Mimoza Ahmeti

Siopa caife (atmaisféar / ceol srl.)

*Tá **Adam** agus **Nathalie** ina suí ag an mbord. Tagann an **Freastalaí** chun an t-ordú a ghlacadh:*

Freastalaí: "Bonjour." Cad is féidir liom a fháil daoibh? Adam: Beidh caife agam - espresso - agus bocaire. Nathalie: Mise freisin.
(Fágann an freastalaí)

Adam: Chuireamar deireadh leis an gcomhrá ag an bpointe neamhní.
Nathalie: Chuireamar.
Adam: Creidim go n-aithníonn tú an aitheantas a bhaineann le seo ... mar choincheap.
Nathalie: Ní aithním, i ndáiríre. Níor scar mé é asam mar choincheap, ach bainim ciall as ar ndóigh. Adam: Mar sin, caithfidh go bhfuil a fhois agat go bhfuil neamhní thar gach uile rud sa tsaoil. Cuirfeadh sé fatíos ollmhór ort dá mbraithfeá é. Cuireann daoine eile deireadh leat tríd tú fhéin. Imithe as radharc. Nathalie *(corraithe)*: I ndáiríre... D'fhéadfadh sé a bheith difriúil domsa, b'fhéidir? Ar a laghad domsa. Freastalaí *(sroicheann sé)*: "Voila!" Espresso do Madame agus ceann do Monsieur. Agus an "gateaux". *Casann Adam a cheann timpeall ar Nathalie.*
Adam: Seans go bhfuil – cén chaoi?
Nathalie: Neamhní?

Adam: Tá sé.
Nathalie: Dearmad iomlán ar bhrí, ar fhocail, ar stair. Leá an duine féin go hiomlán. Tá an-sásamh le fáil as, is amhail go bhfuil tú i do bheatha don chéad uair arís. D'fhéadfá a rá tús na beatha. Tús nua. *Cuireann Adam a lámh ar lámh Nathalie. Ansin, le guth maoithneach:*
Adam: Níor fhreagair tú riamh mo mhothúcháin, cén fáth?
Sos. Ní fhreagraíonn Nathalie.
Adam: Tá a fhios agat.. Uaireanta bím ag caoineadh fiú ar do shon. Nuair atá mé i m-aonar.
Fanann Nathalie ina thost
Adam: Bhí brionglóid agam uair amhain inár rinneadh dada duit. Sa tslí sin, d'fhéadfainn a bheith leat. *Ní freagraíonn Nathalie.*
Adam: Inis dom cén fáth? Cén fáth a bhfuil tú chomh fuar i dtreo mo mhothúcháin?
Déanann Nathalie ionanálú mhór, is ansin fregraíonn sí.
Nathalie: Mar gheall ar an neamhní atá iontu, ní féidir linn mórán dul chun cinn a

dhéanamh.
Sos agus an bheirt acu ina dtost tar éis a freagra.
Freastalaí (*sroicheann sé)*: An bhfuil an bille ag teastáil oraibh?